# Greann is Gáire

Risteárd Ó Luineaċáin, M.A.

do ḟaoṫruiġ

Raol a luaċ.

WITH THE
PUBLISHERS COMPLIM

Brún agus Ó Nóláin, Teor.

fear mar is dóċa nár ṁaiċ leis an ḃean do ḃualaḋ. Sar a raiḃ uain aca ar mórán a ráḋ do stad an traen ag Mag Ealla.

Ansan d'éiriġ an ḃean agus amaċ ar an gcaráiste léi. Nuair ċonnaic sí máiġistir an stáisiúin do riṫ sí anonn ċuige agus do ċrom sí ar a gearán do ḋéanaṁ leis. Siúd leis an ḃfear 'n-a ḋiaiḋ. Do ḃí an ḃeirt ag aiġnear agus ag argóint ar a ndíċeall agus máiġistir an stáisiúin ad' iarraiḋ an scéal do réiḋteaċ eatorra. Ḃí a raiḃ de ḋaoiniḃ ar an árdán ag teaċt 'n-a dtimċeall feuċaint cad do ḃí ar siuḃal. Pé feuċaint do ṫug máiġ stir an stáisiúin ṫar guailniḃ na ndaoine cad do ċonnaic sé aċt an maidrín ag teaċt agus an píopa 'n-a ḃéal aige. Níor féadadar a ṫuille do ráḋ le neart gáiriḋe. Do ḃuail an fear isteaċ sa traen arís agus d'imṫiġ an ḃean i mbun a gnóṫa féin.

## II.

## AN ḂEAN AGUS AN MADRA RUAḊ.

Ḃí bean 'n-a cóṁnuiḋe i bparóiste Ḃaile Múirne agus ḃí an-ċuid cearc aici. Do ċuir sí isteaċ sa ċró iad oiḋċe sara ċuaiḋ sí a ċodlaḋ. I lár na hoiḋċe ṫáinig madra ruaḋ go dtí doras an ċró agus ṫug sé fé ndeara poll beag fé na ḃun. "Má's féidir liom dul isteaċ ansan," ar seisean leis féin, "ní misde a ráḋ go mbeiḋ féasta maiṫ agam." Do ċrom sé síos go talaṁ agus do ḃrúiġ sé é féin isteaċ, aċt b'é a ḋíċeall é. Ansan



"Cad do ċonnaic sé aċt an maidrín ag teaċt agus an píopa 'n-a ḃéal aige."